# Cinneadh RTÉ gan páirt a ghlacadh i gComórtas Amhránaíochta na hEoraifíse 2026

Eochairfhocail: cinedhíothú, an Eoraifís, ag glacadh páirte, craoltóir, cinneadh, pobalbhreith

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**


1. Cén craoltóir a dheimhnigh inniu go mbeidís ag glacadh páirte i gComórtas Amhránaíochta na hEoraifíse 2026?
2. Cén fáth nach mbeadh RTÉ ag glacadh páirte sa chomórtas an bhliain seo chugainn?
3. Cad a thug RTÉ ar an staid ina bhfuil an limistéar Palaistíneach faoi láthair?
4. Ainmnigh dhá ghrúpa a chuir fáilte roimh chinneadh RTÉ?
5. An aontaíonn Cynthia Ní Mhurchú le cinneadh RTÉ?
6. Cén fáth nach n-aontaíonn Alan Shatter le cinneadh RTÉ?
7. Breac síos an dá bhliain eile nuair nár ghlac Éire páirt i gComórtas Amhránaíochta na hEoraifíse.
8. Ainmnigh tír amháin eile san Eoraip a d'fhógair le déanaí nach mbeidís ag glacadh páirte sa chomórtas an bhliain seo chugainn?
9. Cé mhéad faoin gcéad de mhuintir na Spáinne atá ar son Iosrael a dhíbirt as an gcomórtas, de réir na bpobalbhreitheanna?
10. An gceapann tú go bhfuil an cinneadh ceart déanta ag RTÉ gan páirt a ghlacadh i gComórtas Amhránaíochta na hEoraifíse 2026? Cén fáth?

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: léamhthuiscint

Is comórtas amhránaíochta idirnáisiúnta é Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse a bhíonn ar siúl gach bliain. Is é Aontas Craoltóireachta na hEorpa a eagraíonn an comórtas. Eagraíodh an chéad chomórtas siar sa bhliain 1956 agus ba i Lugano na hEilvéise a bhí sé ar siúl. Ní mór do na rannpháirtithe amhrán nuachumtha a scríobh agus a chanadh chun páirt a ghlacadh sa chomórtas. Tá muintir na hEorpa agus go deimhin pobal an domhain mhóir ar fad an-tógtha leis an gcomórtas, is cosúil, mar bíonn lucht féachana de thart ar chéad seasca milliún duine ag an gcomórtas gach bliain. Caitheann an pobal agus giúiréithe náisiúnta vótaí ar son na n-amhrán is ansa leo agus baineann idir chraic agus chonspóid leis an gcóras vótála sin gach bliain. Tá sé de cheart ag an tír a bhuann an comórtas an comórtas a reáchtáil ina dtír féin an bhliain dár gcionn. Tá Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse buaite seacht n-uaire ag Éirinn.

**ceisteanna buntuisceana agus gramadaí**


1. Cén saghas comórtais é Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse?
2. Cathain a cuireadh tús leis an gcomórtas seo?
3. An bhfuil cead ag rannpháirtithe leaganacha d'amhráin daoine eile a chanadh?
4. Cé hiad na daoine a vótálann sa chomórtas?
5. Cé mhéad babhta atá an comórtas buaite ag Éirinn?
6. Aimsigh sampla amháin den chopail sa sliocht.
7. Aimsigh sampla amháin den ainmfhocal san uimhir iolra sa sliocht.
8. An bhféachann tú féin ar Chomórtas Amhránaíochta na hEoraifíse gach bliain? Cén fáth?



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Samhlaigh gur iriseoir tú agus iarrtar ort cuntas 150 focal a scríobh ar Chomórtas Amhránaíochta na hEoraifíse atá ar siúl i gcathair san Eoraip. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

- atmaisféar beomhar
- feistis ildaite
- rannpháirtithe ó gach cearn den Eoraip
- scoth na gceoltóirí agus na n-amhránaithe
- iomaíocht ghéar
- teannas
- an córas vótála
- idir dhá cheann na meá
- bua gan choinne
- baineadh siar asam nuair ...
- críoch dhrámatúil leis an oíche
- táthar ag súil go mór le comórtas na bliana seo chugainn cheana féin



Freagraí

1. RTBF sa Bheilg
2. Mar gur thug Aontas Craoltóireachta na hEorpa (EBU) cead d'Iosrael páirt a ghlacadh ann
3. Tá géarchéim dhaonnúil ann, dar le RTÉ
4. Iarbhuaiteoirí an chomórtais cosúil le Charlie McGettigan, grúpaí feachtais agus Ceardchumann Náisiúnta na n-Iriseoirí
5. Aontaíonn
6. Séanann an cinneadh deis ar cheoltóirí agus ar phobal na tíre seo sult a bhaint as agus vóta a chaitheamh sa chomórtas, dar leis
7. 1983 agus 2002
8. An tSlóivéin, an Ísiltír agus an Spáinn
9. Beagnach 60%

1. Cén saghas comórtais é Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse? Comórtas amhránaíochta
2. Cathain a cuireadh tús leis an gcomórtas seo? 1956
3. An bhfuil cead ag rannpháirtithe leaganacha d'amhráin daoine eile a chanadh? níl cead
4. Cé hiad na daoine a vótálann sa chomórtas? pobal na dtíortha éagsúla san Eoraip agus giúiréithe náisiúnta
5. Cé mhéad babhta atá an comórtas buaite ag Éirinn? 7 mbabhta
6. Aimsigh sampla amháin den chopail sa sliocht. is, ní, ba
7. Aimsigh sampla amháin den ainmfhocal san uimhir iolra sa sliocht. rannpháirtithe, giúiréithe, na n-amhrán